

Éire Aontaithe

I 1920 tugadh **Acht um Rialú na hÉireann** (The Government of Ireland Act) isteach a bhunaigh Tuaisceart Éirinn agus a **chinntigh an críochdheighilt** (solidified/ confirmed the partition) idir Poblacht na hÉireann agus an Tuaisceart. Ach blianta ina dhiaidh agus leis an míshocracht ar fad faoi thorthaí na Breatimeachta, tá an cheist **fhadfhulangach** (enduring) á plé – an bhfuil Éire Aontaithe i ndán dúinn ? Sa chur agus cúiteamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ó shin i leith, tá an teorainn idir na 6 chontae agus an Phoblacht ag cruthú deacrachtaí. Níl éinne tar éis teacht suas le **réiteach a shásóidh an dá phobal** (a resolution that will satisfy the two communities), Aontachtóirí agus Náisiúnaithe agus **an t-am ag sciarradh uainn** (time flying by us) caithfear cinneadh a dhéanamh maidir le todhchaí an Tuaiscirt mar níl éinne ag iarraidh an foréigin a bhí bainteach leis an teorainn roimhe seo (na Trioblóidí). San aiste seo déanfaidh mé plé ar na buntáistí agus na bacanna atá le hÉire Aontaithe agus an tionchar atá ag stair mhuintir an Tuaiscirt ar an saol inniu, i ndiaidh **na Breatimeachta** (Brexit).

Chun comhthéacs a thabhairt ar an scéal (to give context to the story), i mí Meithimh 2016 vótáil muintir na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. Tháinig an toradh sin **aniar aduaidh** (blindsided) ar mhuintir an Tuaiscirt agus Poblacht na hÉireann. Ó shin i leith tá **comhartha ceiste** (question mark) faoi áit/stádas an Tuaiscirt sa Bhreatimeacht- toisc gur vótáil **tromlach** (majority) mhuintir na 6 chontae ina choinne sa reifreann. Tá daoine **ag agóid** (protesting) gur choir **pobalbhreith** (plebiscite) a reáchtáil ar cheist na teorainne. An cheist ná **an bhfuil sé daonlathach cur ar phobal Tuaisceart Éirinn an AE a fhágáil** (is it democratic to force the Northern Irish public to leave the EU) má vótáil siad ina choinne ?

Ceann de na hargóintí is mó i gcoinne Éire Aontaithe atá ag teacht ó dheisceart na teorainne ná go mbeadh drochéifeacht ag na 6 chontae ar **gheilleagar** (Economy) Phoblacht na hÉireann. Ceaptar go gcosnóidh sé **iomarcach** (excessive) airgid ar an Stát toisc go bhfuil líon ollmhór **searbhóntaí poiblí** (civil servants) fostaithe sa Tuaisceart. Chomh maith le sin tá taithí ag muintir na 6 chontae ar sheirbhísí ardchaighdeán an NHS, agus cé go bhfuil an HSE againn in Éirinn, tá costas ard ag baint le córas sláinte éifeachtach. Tá daoine buartha go gcuirfidh muintir an Tuaiscirt brú ar an Stát níos mó airgid a chur isteach sa chóras sláinte agus go n-ardófar rátaí

cánach. Táthar buartha chomh maith go ngearrfar infheistíocht sa chóras oideachas, pleananna don comhshaol agus scéimeanna tithíochta dá bharr.

Ach ar an taobh eile de, tá an t-uafás deiseanna ó thaobh **forbairt eacnamaíochta de**, (economic development) ag baint le comhaontú an oileáin. Bhí sé seo le feiceáil leis na heagraíochtaí a bunaíodh mar thoradh ar **Chomhaontú Aoine an Chéasta** (Good Friday Agreement). Tá cáil ar ár tairgí déiríochta agus feoil ar fud an domhain – samhlaigh dá mbeadh siad faoi **bhranda uile-Éirinneach** (All-Ireland brand). Tionscal eile a bhainfeadh tairbhe as Éire a aontú ná an **Tionscal Turasóireachta** (Tourism Industry). Ceaptar go meallfar níos mó turasóirí go hÉirinn dá ndéanfaí **margaíocht** (marketing) ar thurasóireacht ar bhonn oileán de. Dar le tuairisc ‘Modelling Irish Unification’ déanta ag **Comhairleoireacht Cheanadach** (Canadian advising counsel) KLC d’fhéadfadh go dtiocfaidh ardú €36 billiún ar Eacnamaíocht na hÉireann mar thoradh ar Éire Aontaithe.

Ach **caithfear a thógáil san áireamh** (take into consideration) go bhfuil cultúr agus pobal eile ag maireachtáil ar an oileán seo – **na hAontachtóirí/Dílseoirí** (Unionists/ Loyalists) ó thuaidh. Tá a fhios againn gurb é an t-easaontas idir Aontachtóirí agus Náisiúnaithe faoi thopaicí ar nós Éire Aontaithe ceann de na príomhchúiseanna leis na Trioblóidi. Tá sé fíor go gcaitear go míchothrom le Náisiúnaithe ó thaobh fostaíochta, polaitíochta, oideachais srl de sa tréimse sin agus gur maraíodh an oiread saoránach Caitliceach – ach caithfear a chuimhnú go ndearna an IRA agus **grúpaí paraimíleata náisiúnacha eile** (other nationalist paramilitary groups) dúnmharú ar go leor teaghlach Protastúnach chomh maith. Deir Aontachtóirí na linne seo go bhfuil siad buartha má thagann Éire Aontaithe i bhfeidhm go mbrúfear iad amach as an tír. Caithfear a chuimhniú go bhfuil a stair, traidisiún agus **oidhreacht** (heritage) féin ag na hAontachtóirí. Ní féidir linn **neamhaird** (disregard/ ignore) a dhéanamh orthu agus an cheist chasta chonspóideach seo á plé.

Is í an áit is **suntasáí** (noticeable) ina bhfuil comhoibriú le feiceáil ná i réimse an spóirt. Eagraítear cluichí an Chumann Lúthchleas Gaeil, rugbaí, dornálaíocht srl. ar bhonn uile- Éirinn. Tá sé suntasach sna spóirt seo go n-imríonn Éire ag an leibhéal is airde agus go bhfuil cáil orainn dá bharr. Ach is scéal eile é an sacar – siar i 2016 ghlac dhá fhoireann ón oileán páirt i gCraobh Sacair na hEorpa. Dá mbeadh Éire Aontaithe, **samhlaigh na féidearachtaí** (Imagine the possibilities) a bheadh ann le foireann sacair amháin. Chonacthas an éifeacht atá ag polaitíocht

an Tuaiscirt ar an spórt nuair a bhí ar Rory McIlroy cinneadh a dhéanamh maidir lena rogha tíre sna Cluichí Oilimpeacha i 2016 - sa deireadh shocraigh sé gan dul in aon chor mar go mbeadh sé mar **fhoirse conspóide** (source of controversy).

Chun an fhirinne a rá (to tell the truth) leat níl a fhios agam céard atá in ann do thodhchaí an Tuaiscirt – **níl clú dá laghad ag polaiteoirí ach an oiread** (the politicians don't have a clue either). Ach táim ar aon intinn go gcaithfidh dhá phobal an Tuaiscirt, grúpaí polaitíochta ar nós an DUP, UUP, Sinn Féin chomh maith le polaiteoirí na Poblachta agus na Breataine comhoibriú le chéile chun an réiteach is fearr agus is cothroime a fháil. Léirigh an **Olltoghchán** (General Election) siar i mí Fheabhra (2020) go dtacaíonn céatadán mór do Phoblacht na hÉireann le Sinn Féin, **páirtí náisiúnaíoch** (nationalistic party) agus go bhfuil mórán daoine **i bhfábhair** (in favour) a polasaithe maidir le hÉire Aontaithe. B'fhéidir go bhfaighidh muid faoi dheireadh an Éire Aontaithe a bhí **geallta** (promised) ag Ó Coileán agus an Piarsach.